

Beartas frithbhulaíochta :

Coláiste Daibhéid Feabhra 2022

1. I gcomhréir le riachtanais an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus na treoirlínte faoi chód iompair a d'eisigh an Bord Náisiúnta um Leas Oideachais tá an beartas frithbhulaíochta seo a leanas glactha ag Bord Bainistíochta Choláiste Daibhéid mar chuid de chód iompair iomlán na scoile. Géilleann an beartas go huile agus go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* a foilsíodh i Meán Fómhair 2013.
2. Aithníonn an Bord Bainistíochta a thromchúisí is atá iompar bulaíochta agus a dhiúltaí a d'fhéadfadh a thionchar a bheith ar dhaltaí, agus geallann an scoil dá réir cloí leis na príomhphrionsabail dea-chleachtais seo a leanas agus iompar bulaíochta á chosc agus á chomhrac.
 - Cultúr dearfach a bheith i réim sa scoil:
 - ina glactar go fonnmhar le difríocht agus le héagsúlacht agus ina léirítear meas ar chuimsitheacht;
 - ina spreagtar daltaí chun iompar bulaíochta a nochtadh agus a phlé i dtimpeallacht neamhbhagrach; agus
 - ina gcuirtear caidreamh bunaithe ar mheas chun cinn ar fud phobal na scoile;
 - Ceannaireacht éifeachtach;
 - Cur chuige scoile uile;
 - Tuiscint i bpáirt faoin rud is bulaíocht ann agus faoin tionchar is féidir a bheith aige
 - Feidhmiú straitéisí oideachais agus coiscthe (lena n-áirítear bearta chun feasacht a mhúscailt)
 - a chothaíonn ionbhá, meas agus athléimneacht sna daltaí; agus
 - ina dtéitear i ngleic go sainráite le cibearbhulaíocht agus le bulaíocht bunaithe ar aitheantas, lena n-áirítear bulaíocht homafóbach agus trasfóbach;
 - Maoirseacht agus monatóireacht éifeachtach ar dhaltaí;

- Tacaíochtaí don fhoireann;
- Teagmhais bhulaíochta a thaifeadadh agus a imscrúdú ar shlí chomhsheasmhach agus obair leantach a dhéanamh ina dtaobh (lena n-áirítear straitéisí aitheanta idirghabhála a úsáid); agus
- Meastóireacht leanúnach ar a éifeachtaí is atá an beartas frithbhulaíochta.

3. I gcomhréir le *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht:

An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine;
- cibearbhulaíocht; agus
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallaíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtairacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile.

Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtairacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.

Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

Gheofar eolas breise ar na cineálacha éagsúla bulaíochta i Roinn 2 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*.

4. **Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí ábhartha a dhéanfaidh bulaíocht a imscrúdú agus a dhéileálfadh léi:** Tá fáilte curtha roimh daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí, baill fóirne (nach múineann) agus baill eile den gcomhphobal scoile, buairt a chur in iúl d'aon bhall den bhfoireann múinteoireachta- an PríomhOide agus an leas-PhríomhOide san áireamh. Sa chomhthéacs seo is 'Múinteoir Ábhartha' é nó í aon bhall fóirne (a mhúineann) mar a luaitear i Roinn 6.8.3 den 'Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile (Meán Fómhair 2013)

5. Seo a leanas na straitéisí oideachais agus coiscthe a bheidh in úsáid sa scoil (Roinn 6.5 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):

- 5.1 Tá straitéisí na scoile seo bunaithe ar mana na scoile a chum daltaí agus múinteoirí na scoile i 2013. Sin le rá 'Bí dearfach, Bí tuisceanach, Bí Gaelach, Bí láidir, Bí Linn'. Ritheann sé tríd nósanna laethúil na scoile, caidreamh na scoile agus spiorad na scoile.
- 5.2 Is teachtaireacht leanúnach í i gcónaí do phobal na scoile nach bhfuil bulaíocht inghlactha riamh. Sa chomhthéacs seo tá dualgas ar an bpobal aon eolas faoi bhulaíocht, cibear-bhulaíocht nó ciapadh a tharlaíonn sa scoil a thabhairt don múinteoir ábhartha.
- 5.3 Sna clósanna, sna dorchlaí, ar an bpáirc imeartha agus áiteanna eile bíonn ról leanúnach ag gach uile duine sa scoil an meas seo a theaspáint, a lorg agus a chosaint.
- 5.4 Is í an Chleachtas Athshlanaithe bunchloch na scoile chun deileail le aighneas, míshochracht nó agóid idir daltaí. Tá formhór na scoile traenáilte sa chóras seo agus bíonn sí mar chuid den chóras Féinmheastóireacht Scoile.
- 5.5 Tá céimeanna á thógaint go leanúnach sa scoil i gcoitinne chun cairdeas a spreagadh agus chun difríocht a chéiliúradh mar shampla 'An tseachtain Cairdeas'. (Na trí 'C'anna: Cairdeas/Cneastacht/Caidreamh)
- 5.6 Tá postaeirí ann chun tacú le daltaí an céim dearfach a thógaint má bhaineann bulaíocht leo nó lena gcairde nó lena gcomh-scoláirí
- 5.7 Taobh istigh sna ranganna díríonn ranganna áirithe ar na saghasanna difriúla bulaíochta, sa rang OSSP, OSPS, Creideamh, Gairm, Aoireacht agus Corp Oideachais. Mar aon le sin bíonn múinteoirí toilteanach in ábhair eile ar nós Béarla, Gaeilge, Stair, Tír Eolaíocht deiseanna a ghlacadh chun an tábhar a phlé agus a chioradh. (Tagairt i bPlean na Roinne)
- 5.8 Déanann na ranganna OSSP tagairt faoi leith faoin mbulaíocht homafóbach agus trasfóbach i rith na Seachtaine Fheasachta maidir le bulaíocht homafóbach agus trasfóbach (Mí na Samhna) ('Seas an Fód')
- 5.9 Déanann an scoil a seacht ndícheall chun grúpaí agus cláracha a thógaint isteach sa scoil chun chuidiú le daltaí an t-ábhar a thuiscint mar shampla Jigsaw, FUSE agus saineolaithe teicneolaíochta ar nós Trend Micro (Avril Ronan)
- 5.10 Bíonn ról ann do Chomhairle na nDaltaí agus na Ceannairí Spóirt chomh maith chun ceannaireacht a thógaint. Téann daltaí chuig Comhdháil eagsúla mar shampla Ógras Chorcaí, Parlaimint Óige na hÉireann agus Múnla na Náisiúin Aontaithe. Labhraíonn siad le daoine ar an ábhar seo. Déanann an Ard-Chomhairle monatóireacht ar an gcóras frithbhulaíochta sa scoil.

- 5.11 Cuireann an scoil tuistí ar an eolas faoi imeachtaí eagsúla mar shampla sabháilteacht ar an idirlíon agus ‘Internet Safety Week’. Tá eolas sa Dialann scoile leis chun tacú le daltaí agus tuismitheoirí bunaithe ar ‘SAFEBOOK’.
- 5.12 Déanann formhór na ndaltaí an t-idirbhliain rud a chuidíonn leo, tríd an obair shoisialta, aithne a chur ar daoine atá difriúil uathu. Ligeann sé dóibh an saol a fheiscint ó thaobh daoine le mí-chumas, le cúlra nó cultúir difriúla. Spreagann sé seo iad chun an difríocht a thuiscint agus a chosaint.
- 5.13 Agus ag fiosrú ceist na bulaíochta beidh béim ar an aighneas a réiteach go cothrom is go sásúil, agus an gaol a dheisiú seachas milléan a chur ar thaobh amháin nó taobh eile. Is bonn tabhachtach í an chleachtas athshlánaithe. Fós áfach is faoin mbainistíocht scoile a bheidh sé chun an córas smachtbhanna a úsáid mar atá leagtha síos sa chód iompar scoile, más gá.
- 5.14 Ina cuid chumarsáide déanfaidh an Coláiste a seacht ndícheall chun ceist na bulaíochta a phlé, chun go mbeadh tuiscint ar ‘cad is brí le bulaíocht’ agus ‘conas gur cheart do dhaltá deileáil leis’. Beidh dul chun cinn córas na scoile ag brath ar dhaltá (agus tuismitheoirí) ag déanamh tuairisce. Caithfidh ár gcóras a chinntiú go mbeidh an córas seo sabháilte agus faoi rún.
- 5.15 Bíonn ról lárnach ag tuismitheoirí agus Coiste na dTuistí. Mar shampla eagraíonn an Coláiste seisiúin eolais agus bíonn an polasaí ar fáil ar an suíomh scoile. Pléitear córas na scoile ag seisiúin eolais Bliain 1 i gcónaí. Beidh sé tabhachtach a chur in iúl dóibh chomh maith go bhfuil sainmhíniú cinnte faoin mBulaíocht agus ní h-ionann gach uile argóint nó aighneas agus bulaíocht. Beidh tuismitheoirí páirteach in aon athbhreithniú ar an bPolasaí seo.
- 5.16 Má tá gá leis gheobhaidh an scoil comhairle agus cabhair ó na h-eagraíochtaí chuí ar nós SEN (NEPS) , Bord Sláinte (HSE), TUSLA, Jigsaw agus An Garda Síochána.
- 5.17 Tógann an Coláiste aire faoi leith do dhaltá le mí-chumais áirithe nó le riachtanais oideachais speisialta. (Féach ar an bPolasaí ROS freisin).
- 5.18 Bíonn seisiúin amháin ar a laghad ag an bhfoireann scoile chun díriú ar an dtopaic seo agus chun chuidiú le múinteoirí deileáil le heachtraí, agus chun an Polasaí seo a chur i gcrích go laethúil. Beidh sé pléite mar chuid den Droichead chomh maith.
- 5.19 Déanfaidh an Coláiste iniúchadh ar an mBulaíocht sa Choláiste tré dhaltá na scoile a cheistiú go foirmiúil is go neamh-foirmiúil gach dhá bhliain ar a laghad. Cuideoidh Comhairle na Daltaí le seo.
- 5.20 Cuirfidh an scoil córas le chéile ar nós ‘Anam Chara’ nó ‘Meitheal’ nó ‘Scéim Buddy’ chun idirspéachas a chothú is a fhorbairt.

- 5.21 Tá ‘Cur Chuige sa Rang Fíorúil’ ann chun iompar a bhíonn de dhíth ón bhfoireann agus ó na daltaí a shoiléiriú is a lorg. Mar aon le seo bíonn córas ann maidir leis an céimeanna go gcithfimis a leanúint chun iompar diúltach a stopadh láithreach ar líne.
- 5.22 Bíonn daltaí faoi leith aithinte le haghaidh ‘buail agus ceangailt’ ag usáid uaireannta CLASS.
- 5.23 Tá FUSE in usáid leis an t-arna bhliain mar chuid den OSPA agus bíonn sé á mholadh le haghaidh ranganna eile. Teaspáineann an taighde go laghdaíonn sé an minicíocht den bhulaíocht i scoileanna.
- 5.24 Cuidíonn na imeachtaí eischuraclam (fóirne agus cumainn) le nasc a threisiú sa chomhphobail scoile. Ligeann sé seo do dhaltaí aithne níos fearr a chur ar a chéile agus buanna daltaí a fheiscint i suíomhanna difriúla.
- 5.25 Faigheann an Bord Bainistíochta tuairisc go rialta ar an bhFrithbhulaíocht agus bíonn athbhreithniú ag tús na scoilbhliana i gcónaí.
- 6. Seo a leanas straitéisí na scoile chun iompar bulaíochta a imscrúdú, chun obair leantach a dhéanamh ina dtaobh agus chun iompar bulaíochta a thaifeadh mar aon leis na straitéisí idirghabhála bunaithe a úsáidfidh an scoil chun deileáil le cásanna d'iompar bulaíochta (Féach Roinn 6.8 de na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile*):**
- 6.1 Má bhíonn múinteoir buartha faoi iompar bulaíochta toisc go bhfuil tuairisc faighte nó toisc go bhfuil nithe tugtha faoi ndeara aige nó aici is féidir leis nó leí deileáil leis an eachtra faoi mar atá leagtha síos sna Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile Roinn 6.8
- 6.2 Má bhíonn múinteoir ag deileáil le hiompar bulaíochta nó ag fiosrú iompar bulaíochta in aon slí, is féidir leo tacaíocht agus comhairle a fháil ón mbainistíocht nó ón bhfoireann chúram-bhuan. Uaireannta is dea-nós é é a phlé le duine des na daoine seo toisc go mbíonn eolas níos leithne acu ná mar a bhíonn i mbéal an phobail scoile. Ó 2021 tá Príomh Oide Chúnta ainmnithe chun co-ordnú a dhéanamh ar an gcur chuige scoile.
- 6.3 Más rud é gurb é tuairim an mhúinteora go bhfuil an eachtra bulaíochta ag cruthú buairt as an ghnách do dhalta nó do dhuine eile ba cheart an PO nó LPO nó POChúnta a chur ar an eolas chomh luath agus gur féidir.

6.4 Tá cead ag an scoil, *má bheartaíonn sí*, bulaíocht nó líomhainntí a fhiosrú (agus smachtbhannaí a chur i bhfeidhm) fiú go dtarlaíonn sé lasmuigh den scoil sa chás go gcruthaíonn sé deacrachtaí do dhaltaí taobh istigh ina gcuid oibre nó a gcuid sláinte (intinne nó coirp). Ní i gcónaí a tharlóidh sé seo. Tá príomhfhreagracht ag tuismitheoirí i gcásanna bulaíochta a tharlaíonn lasmuigh den scoil bíodh cibearbhulaíocht nó bulaíocht fisiciúla i gceist.

6.5 Mar is léir ó chuid 6.3.5 dos na Gnásanna is féidir leis an údarás scoile comhairle a lorg ó ghrúpaí ar nós SSEN (NEPS) , Bord Sláinte (HSE) agus An Garda Síochána chun deiléail go h-éifeachtach leis an mbulaíocht.

6.6 Mar is léir ó chuid 6.8.12, 6.8.13, 6.8.14 dos na Gnásanna, má tá féidearacht ann gur mí-úsáid leanaí é raghaidh an t-Údarás i dteangbháil leis na seirbhísí chuí mar atá leagtha síos sna Gnásanna Chaomhnú an Linbh.

6.7 Déanfar fiosrú agus iniúchadh ar líomhainntí bulaíochta mar a leagtar amach i gCuid 6.8.9 dos na Gnásanna Frith-Bhulaíochta (Caithfidh Muinteoirí na céimeanna a leanúint mar atá leagtha amach sa Lamhleabhar fóirne agus na caipéisí chuí a úsáid)

- (i) Is é an phríomhaidhm a bheidh ag an múinteoir ábhartha agus bulaíocht á imscrúdu aici/aige aghaidh a thabhairt ar aon cheist is gá a réiteach agus an gaol idir na páirtithe i dtrácht a chur ar ais mar a bhí sé an oiread is indéanta sin (seachas milleán a chur);
- (ii) Agus imscrúdu ar bhulaíocht á dhéanamh, nó nuair a bhítear ag déileáil le bulaíocht, feidhmeoidh an múinteoir a bhreithiúnas gairmiúil chun a chinneadh cibé an ndearnadh bulaíocht agus conas is fearr déileáil leis an bhfadhb; (Tá leathnach scoile faoi leith ann chun an cinneadh seo a dhéanamh bunaithe ar teimpléidí na Roinne. Déantar athbhreithniú ar an mbileog seo go bliantiúil)
- (iii) Ní mór don mhúinteoir ábhartha gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí gan ainm, a imscrúdu agus déileáil leo. Ar an slí sin beidh níos mó muiníne ag daltaí gur fiú buláíocht a thuairisciú. Tá sé ríthábhachtach an muinín sin a chothú i measc na ndaltaí.

Ba cheart é a rá go soiléir leis na daltaí nach ag tabhairt leideanna atá siad nuair a thuiriscíonn said teagmhais bhulaíochta ach á n-iompar féin ar shlí fhreagrach;

- (iv) Ni mór an fhoireann neamhtheagaisc – rúnaithe, cúntóirí riachtanais speisialta, coimhdírí iompair scoile, airígh, glantóirí – a spreagadh chun aon teagmhas d’iompair bulaíochta a fheiceann siad, nó a luaitear leo, a thuirisciú don mhúinteoir ábhartha;
- (v) Ní mór do thuismitheoirí agus do dhaltaí comhoibriú le haon imscrúdu agus cabhrú leis an scoil aon cheist bhulaíochta a réiteach agus an caidreamh a bhíodh idir na páirtithe atá bainteach leis an mbulaíocht a chur ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta sin.
- (vi) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh tuiscint ar gach duine atá bainteach leis (lena n – áirítear gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) ar an gcur chuige ón gcéad lá;
- (vii) Ba cheart cur chuige réidh, fadhbréitigh, neamhmhothúchánach a bheith ag múinteoirí agus iad ag déileáil le líomhaintí d’iompair bulaíochta a thuiriscíonn daltaí, baill foirne nó tuismitheoirí dóibh;
- (viii) Is fearr de ghnáth teagmhais a imscrúdu lasmuigh den seomra ranga chun príobháideachas gach duine atá bainteach leis a chosaint;
- (ix) Ba cheart gach agallamh a dhéanamh go hógairéach ag féachaint do chearta gach dalta i dtrácht. D’fhéadfadh daltaí nach bhfuil baint díreach acu leis an mbulaíocht eolas úsáideach a sholáthar in agallamh mar sin;
- (x) Agus anailís á déanamh ar theagmhais d’iompair bulaíochta, ba cheart don mhúinteoir ábhartha freagraí a lorg ar na ceisteanna céard, cá háit, cathain, cén duine nó cé hiad na daoine, agus cad chuige? Ba cheart na ceisteanna sin a chur go ciúin síochánta, chun sampla a thabhairt den tslí le déileáil le coimhlint go héifeachtach neamhionsaitheach;

- (xi) Má bhíonn grúpa i gceist, ba cheart agallamh a chur ar gach duine den ghrúpa ina nduine agus ina nduine. Ba cheart labhairt leis an ngrúpa ar fad ina dhiaidh sin. Ag an gcruinniú grúpa, ba cheart a iarraidh ar gach ball cuntas a thabhairt ar an méid a chonaic sé/sí le bheith cinnte go gcloiseann an grúpa ar fad cuntais a chéile;
- (xii) Ba cheart tacú le gach ball sa ghrúpa i bhfianaise na mbrúnna d'fhéadfadh baill eile sa ghrúpa a chur orthu tar éis an agallaimh leis an muinteoir;
- (xiii) D'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach nó cabhrach iarraidh ar na daoine a bhí bainteach leis an teagmhas a gcuntas ar an teagmhas a scríobh síos;
- (xiv) I gcásanna ina gcinneann an múinteoir ábhartha go ndearnadh bulaíocht, ba cheart teagmháil a dhéanamh, a luaithe is feidir, le tuismitheoirí na bpáirtithe i dtrácht chun iad a chur ar an eolas faoin scéal agus na bearta a dhéanfar a mhíniú dóibh (le tagairt do bheartas na scoile). Ba cheart go dtabharfadh an scoil deis phlé do na tuismitheoirí ar shlite ina bhféadfaí bearta na scoile agus an tacaíocht do na daltaí a athneartú nó a mhéadu;
- (xv) I gcás ina gcinneann an múinteoir ábhartha go raibh dalta ag gabháil d'iompar bulaíochta, ba cheart é a chur ar a súile nó ar a shúile di nó dó nó dóibh go soléir gur sháraigh sí nó sé nó siad beartas frithbhulaíochta na scoile agus ba cheart iarrachtaí a dhéanamh chun go bhféachfadh sí nó sé nó siad an scéal ó thaobh an dalta a bhfuil an bhulaíocht á déanamh air nó uirthi nó orthu;
- (xvi) Ní mór é a bheith soiléir don uile dhuine atá bainteach leis (gach grúpa daltaí agus tuismitheoirí) in aon chás ina mbíonn gá le smachtú, gur ceist phríobháideach é idir an dalta atá á smachtú, a tuismitheoirí nó a thuismitheoirí agus an scoil;
- (xvii) Ba cheart cruinnithe breise leis na páirtithe i dtrácht a shocrú chun iarracht a dhéanamh iad a thaibhairt le chéile níos faide anonn má bhíonn an dalta a ndearnadh an bhulaíocht uirthi nó air sásta leis sin. Féadann tairbhe theiripeach a bheith ag gabháil le cruinnithe mar sin;

(xviii) I gcásanna ina measann an múinteoir ábhartha nár caitheadh go leordhóthanach leis an iompair bulaíochta laistigh de 20 lá scoil tar éis dí/dó a chinneadh gur tharla iompair bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha é sin a thaifead sa teimpléad taifeadta a chuirtear ar fáil in **Aguisín 3** (Féach Roinn 6.8.10 (iii));

(xix) Agus cinneadh á dhéanamh cibé ar déileáladh go cuí agus go leordhóthanach le cás bulaíochta, ní mór don mhúinteoir ábhartha, mar chuid dá breithiúnas nó dá bhreithiúnas gairmiúil, na tosca seo a leanas a chur san áireamh;

- Cibé ar scoireadh den iompair bulaíochta ó shin;
- Cibé ar reitíodh, a mhéad ab fhéidir, aon cheist a bhí le réiteach idir na páirtithe;
- Cibé an bhfuil an caidreamh idir na páirtithe curtha ar ais mar a bhí sé, a mhéad is indéanta;
- Aon aiseolas a fuarthas ó na páirtithe i dtrácht, óna dtuismitheoirí nó ó Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide na scoile.

(xx) I gcás nach bhfuil tuismitheoir sásta gur dhéileáil an scoil le cás bulaíochta i gcomhréir leis na gnásanna seo, ní mór gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh a chur in iúl don tuismitheoir;

(xxi) I gcás ina mbaineann an tuismitheoir úsáid as gnásanna na scoile maidir le gearán a dhéanamh agus nach bhfuil sí/sé/siad sasta fós, ní mór don scoil a insint don tuismitheoir go bhfuil sé de cheart aici/aige/acu gearán a dhéanamh le hOmbudsman na Leanaí.

7. Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu: (Deanfar é seo i gcomthéacs Cuid 6.8.15, 6.8.16 agus 6.8.17 des na Gnásanna)

7.1 Cuirfidh an Coláiste clár tacaíochta i bhfeidhm do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu. Ina measc beidh:

(a) Comhairle ón gComhairleoir Scoile nó duine mar é/í/iad (Féach ar an bPlean Threorach Uile Scoile)

(b) Deiseanna curtha ar fáil chun a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí chun a bhféinmheas, a scileanna cairdis, a scileanna soisialta a fhorbairt agus athléimneacht a chothú iontu

7.2 Cuirfidh an Coláiste clar tacaíochta i bhfeidhm do dhaltaí a bhí ag gabháil d'iompar bulaíochta ar bhonn leanúnach. Ina measc beidh:

(a) Comhairle chun a gcuid braistíní féinfhiúntais a mhéadú agus gur féidir leo bealaí eile a fhoghlaim chun a gcuid riachtanas a chomhlíonadh gan cearta daoine eile a shárú.

7.3 Spreagfaidh an Coláiste daltaí a thugann teagmhais d'iompar bulaíochta faoi deara chun an eachtra a phlé le múinteoirí agus le na tuismitheoirí.

7.4 Is í an Chleachtas Athchóirithe a bhíonn in úsáid ag múinteoirí chun tuiscint idir na daltaí a mhúnlú is a leabú. Bhí an scoil bainteach leis an scéim piolóta agus is cuid den bPlean feabhsúcháin í faoi láthair mar chuide den bhFéinmheastóireachta scoile.

8. Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtas chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

9. An Ciapadh a Chosc

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndtabharfaidh an Príomh Oide tuairisc don Bhord go rialta, is ar a laghad uair sa téarma. I measc an t-eolais beidh méid, minicíocht, agus cur chuige na scoile sna cásanna sin. Beidh tagairt anaithnid déanta sna miontuairiscí.

10. Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo ar an 3ú Feabhra 2022 [dáta].

11. Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, (foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile)agus do Chumann na dTuismitheoirí . Cuirfear cóip den bheartas seo ar fáil don Roinn agus do phátrún na scoile má iarrtar é.

12. Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a feidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile agus do Chumann na dTuismitheoirí . Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Sínte: _____ M Bn Úi Bhriain (Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

Sínte: _____ Tadhg Ó Laighin (Príomhoide)

Dáta: _3/2/2022_

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: _Méan Fomhair 2022_